



## Siondróm Usher

*People with Ushers do not need people to think, 'How terrible, this person is deaf and blind; there is nothing to do.' What we need is for people to say, 'This person is deaf and blind. What can I do to facilitate his achievement of his full potential?'*

Lawrence W. Lee, Afra-Mheiriceánach atá 43 bliana d'aois agus tá siondróm Usher air.  
Foilsíodh seo den chéad uair i samhradh 1994,  
[óhttp://www.boystownhospital.org/Hearing/info/genetics/perspectives/my\\_life.asp](http://www.boystownhospital.org/Hearing/info/genetics/perspectives/my_life.asp)

Siondróm ó oidhreacht is ea siondróm Usher agus cruthaíonn sé deacrachtaí éisteachta agus amhairc. Tá baint mhór aige le bodhair agus daille le chéile (féach leathanach 144). I measc na n-airíonna a bhaineann le siondróm Usher tá lagú éisteachta agus retinitis pigmentosa (neamhord súil is cúis le meath ar amharc an duine thar tréimhse ama).

Tá trí chineál ar leith de shiondróim Usher ann:

**Cineál I:** nuair a bheirtear na páistí tá siad bodhar go hiomlán agus tá deacrachtaí acu le cothromaíocht. Go hiondúil, bíonn fadhbanna amhairc ag na páistí faoin am a sroicheann siad deich mbliana d'aois.

**Cineál II:** nuair a bheirtear na páistí tá cailteanas éisteachta (ó chailteanas meánach go cailteanas trom) acu ach tá an chothromaíocht go breá. Éiríonn go maith le tromlach na bpáistí seo ar scoil agus baineann roinnt acu tairbhe as áiseanna éisteachta. Téann fadhbanna amhairc i méid ag ráta níos moille ná mar a tharlaíonn i gCineál I. Tá seans go dtiocfaidh caochspotaí sna súile nuair a bheidh na daltaí ina ndéagóirí agus go gcuirfidh seo strus agus náire orthu ag an am sin.

**Cineál III:** nuair a bheirtear na páistí tá an éisteacht agus an chothromaíocht go breá. Ach tagann meath ar an éisteacht agus ar an amharc de réir a chéile, agus ag ráta éagsúil ag brath ar an duine. Go hiondúil, bíonn fadhbanna éisteachta sonraíochta ag daltaí faoin am a mbíonn siad ina ndéagóirí. Agus na déagóirí seo ag baint na bhfichidí amach tagann caochspotaí ina súile agus tá seans nach mbeidh aon amharc acu nuair a bhainfidh siad an mheánaois amach.



## Leideanna Foghlama agus Teagaisc

- Tá seans go mbeidh oiliúint ionductaithe ag teastáil ón dalta maidir le foirgnimh agus clós na scoile.
- Tabhair faoi deara gur deacra do dhalta nótaí ar chlár bán a léamh má scríobhann tú iad i ndath dearg, glas nó gorm.
- Ba chóir go mbeadh an soirsiú oiriúnach, gan aon loinnir.
- Ba chóir go mbeadh na fuinneoga taobh thiar den dalta, agus níor chóir don mhúinteoir múineadh os comhair na fuinneoige riamh.
- Ba chóir go mbeadh difear mór idir dath an chló agus dath an pháipéir in aon rud scríofa a úsáideann an dalta.
- Smaoinigh ar pháipéar a úsáid nach bhfuil snasta ná glioscarnach.
- Tá seans go mbeidh breis ama ag teastáil ó na daltaí seo le hobair a chur i gcrích. Má tá obair athchleachtach ar bun, ná tabhair an oiread céanna ceisteanna/fadhbanna dóibh agus a thugann tú do na daltaí eile. Má tá córas comharthaíochta láimhe in úsáid, déan cinnte go bhfuil na comharthaí cruinn agus comhsheasmhach.





## Acmhainní/Tagairtí Breise

1. Bermingham, S. (2005) *Reading and Children with Sight Loss*, páipéar curtha i láthair ag comhdháil ar Childhood and Disability: Inclusion in the Mainstream (2005), eagraithe ag an Údarás Náisiúnta Míchumais, agus atá le híoslódáil  
ó:[http://www.nda.ie/cntmgmtnew.nsf/0/5D5B7CDA80DF742E802570A4005835E3/\\$File/S\\_iobhan\\_Bermingham\\_paper.doc](http://www.nda.ie/cntmgmtnew.nsf/0/5D5B7CDA80DF742E802570A4005835E3/$File/S_iobhan_Bermingham_paper.doc)
2. DiPietro, L.J. (2002) *Understanding Usher Syndrome: An Introduction for School Counselors*, Nua Eabhrac: Helen Keller National Center.
3. Everson, J. (ed.) (1995) *Supporting Young Adults who are Deaf-Blind in their Communities*, Baltimore, MD: P. H. Brookes Publishing.
4. Fighting Blindness: soláthraítear eolas ar riochtaí súl lena n-áirítear siondróm Usher, láithreán gréasáin: <http://www.fightingblindness.ie/>
5. Jordan, B. (2000) *Functional Implications and Environmental Modifications with Students who have Usher Syndrome*, Nua Eabhrac: Helen Keller National Center.
6. Miner, I. agus Cioffi, J. (1997) *Usher Syndrome in the School Setting*, Nua Eabhrac: Helen Keller National Center.
7. Sauerburger, D. (1993) *Independence without Sight or Sound*, Nua Eabhrac: AFB.
8. Torres, I. agus Corn, A.L. (2002) *When you have a Visually Handicapped Child in your Classroom: Suggestions for Teachers*, Nua Eabhrac: AFB.

